RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/342 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Feabhra 2021

lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne, a mhéid a bhaineann le River Kwai International Food Industry Co. Ltd, tar éis athoscailt an athbhreithnithe eatramhaigh de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagail 9(4), 11(2), 11(3) agus 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 875/2013 ([2]), rinne an Chomhairle bearta frithdhumpála cinntitheacha a ath-fhorchuir ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne, tar éis athbhreithniú éaga.

(2) D'fhógair an Coimisiún go gcuirfear tús le páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán, arna iarraidh sin do River Kwai International Food Industry Co., Ltd ("RK"), táirgeoir onnmhairiúcháin ón Téalainn, an 14 Feabhra 2013, ar páirt-athbhreithniú eatramhach é atá teoranta d'imscrúdú ar dhumpáil ó thaobh raon feidhme de a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir.

(3) Le linn an imscrúdaithe agus i dtaca leis na himthosca ar a mbonn sin a forchuireadh na bearta atá i bhfeidhm, chinn an Coimisiún go raibh athrú tagtha ar na himthosca sin agus go raibh na hathruithe sin de chineál seasmhach.

(4) Go sonrach, chinn an Coimisiún gur bhain na himthosca athraithe le hathruithe i réimse táirgí RK. Imríonn na hathruithe sin tionchar díreach ar na costais táirgthe. I bhfianaise thorthaí an imscrúdaithe, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí leasú a dhéanamh ar an dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó RK ([3]).

(5) An 24 Márta 2014 ghlac an Chomhairle Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 307/2014 ([4]) ("Rialachán 2014") lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 875/2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne tar éis athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ([5]).

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 875/2013 ón gComhairle an 2 Meán Fómhair 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 244, 13.9.2013, lch. 1).

([3]) Is é an "táirge faoi athbhreithniú" an táirge céanna agus a bhí faoin imscrúdú a raibh Rialachán 2014 mar thoradh air, is é sin arbhar milis (Zea mays var. saccharata) in eithní, é ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, gan a bheith reoite, atá faoi chód AC ex 2001 90 30 (cód TARIC 2001 90 30 10) faoi láthair, agus arbhar milis (Zea mays var. saccharata) in eithní, é ullmhaithe nó leasaithe ar aon bhealach seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, gan a bheith reoite, seachas na táirgí faoi cheannteideal 2006, atá faoi chód AC ex 2005 80 00 (cód TARIC 2005 80 00 10) faoi láthair, de thionscnamh Ríocht na Téalainne.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 307/2014 ón gComhairle an 24 Márta 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 875/2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne tar éis athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 91, 27.3.2014, lch. 1).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

(6) D'fhág Rialachán 2014 gur laghdaíodh ó 12,8 % go 3,6 % an dleacht frithdhumpála ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne, dleacht is infheidhme maidir le RK.

(7) Tar éis an t-imscrúdú sin a athoscailt, rinneadh tréimhse na mbeart a shíneadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996 ón gCoimisiún ("an Rialachán maidir le hathbhreithniú éaga 2019"), lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán ([6]). Is é sin an Rialachán is infheidhme faoi láthair i ndáil le RK agus le táirgeoirí onnmhairiúcháin nach é.

1.2. **Breithiúnais Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

(8) An 18 Meitheamh 2014, chuir *Association européenne des transformateurs de maïs doux* ("AETMD") iarratas os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ("an Chúirt Ghinearálta") lenar iarradh Rialachán 2014 a neamhniú.

(9) Neamhnigh an Chúirt Ghinearálta Rialachán 2014 lena breithiúnas an 14 Nollaig 2017 ("breithiúnas na Cúirte Ginearálta") ([7]).

(10) An 23 Feabhra 2018, chuir RK achomharc isteach lenar iarradh breithiúnas na Cúirte Ginearálta a chur ar ceal.

(11) Thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ("an Chúirt Bhreithiúnais") breithiúnas an 28 Márta 2019 lenar diúltaíodh don achomharc a chuir RK isteach mar dar léi nach raibh bunús leis an achomharc, agus dhearbhaigh sí breithiúnas na Cúirte Ginearálta ("na Cúirte Breithiúnais") ([8]).

(12) Sheas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le toradh na Cúirte Ginearálta, is é sin gur sáraíodh cearta nós imeachta AETMD i ndáil leis an iarratas a rinne sí ar fhaisnéis a nochtadh maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaí na costais a leithdháileadh go mícheart idir RK agus an t-eintiteas gaolmhar, AgriFresh Co., Ltd. ("AgriFresh"); leithdháileadh na gcostas, sin ceann de na cúiseanna féideartha le hísliú na gcostas táirgthe arna líomhain ag RK mar thaca lena iarraidh ar athbhreithniú eatramhach. Chinn an Chúirt Ghinearálta ina leith sin nár nochtadh aon ní do AETMD ar bhealach a ligfeadh dó a thuairim a chur in iúl go héifeachtach i rith an nós imeachta riaracháin.

2. **BREITHIÚNAIS NA CÚIRTE A CHUR CHUN FEIDHME**

(13) I gcomhréir le hAirteagal 266 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"), tá sé d'oibleagáid ar institiúidí an Aontais breithiúnais na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh. I gcás ina ndéantar gníomh arna ghlacadh ag institiúidí an Aontais a neamhniú i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin, an t-imscrúdú frithdhumpála mar shampla sa chás seo, is éard atá i gceist le comhlíonadh an bhreithiúnais gníomh nua a chur in ionad an ghnímh neamhnithe, lena gcuirtear deireadh leis an neamhdhleathacht a shainaithin an Chúirt ([9]).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 (IO L 310, 2.12.2019, lch. 6).

([7]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2017, *Association européenne des transformateurs de maïs doux* "AETMD" *v an Chomhairle*, T-460/14, breithiúnas nár foilsíodh, ECLI: EU:T:2017:916.

([8]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 28 Márta 2019, *River Kwai International Food Industry Co. Ltd v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-144/18 P, ECLI:EU:C:2019:266.

([9]) Breithiúnas na Cúirte an 26 Aibreán 1988, *Asteris AE agus eile agus Poblacht na Gréige v an Coimisiún* cásanna uamtha 97, 193, 99 agus 215/86, ECLI:EU:C:1988:199, míreanna 27 agus 28.

(14) De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, féadfar an nós imeachta maidir le gníomh neamhnithe a atosú ag an bpointe ar tharla an neamhdhleathacht ([10]). Tugann sin le tuiscint, go háirithe, i gcás ina ndéantar gníomh lena gcuirtear nós imeachta riaracháin i gcrích a neamhniú, nach gá go ndéanfadh an neamhniú difear do na gníomhartha ullmhúcháin, amhail tionscnamh an nós imeachta frithdhumpála. Dá réir sin, nuair atá an breithiúnas á chomhlíonadh ag an gCoimisiún, tá an deis aige gnéithe den imeacht a réiteach, gnéithe a raibh an neamhniú mar thoradh orthu, ach na codanna sin nach ndéanann an breithiúnas difear dóibh a fhágáil gan athrú ([11]).

(15) Neamhníodh Rialachán 2014 de bharr nár cloíodh leis na cearta cosanta le linn céim amháin den nós imeachta riaracháin atá i gceist, is é sin nár nochtadh faisnéis áirithe do AETMD maidir le hathstruchtúrú RK agus tionchar an athstruchtúraithe sin ar an measúnú ar a sheasmhaí agus a bhí na hathruithe sin ar a bhfuiltear ag brath agus ríomh an chorrlaigh dumpála araon ([12]).

(16) Dá bhrí sin, de bhun bhreithiúnais na Cúirte, ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht gur leithdháileadh na costais go mícheart idir RK agus AgriFresh, rud a luaigh AETMD le linn an nós imeachta riaracháin, agus arb é – seachas cuíchóiriú ghníomhaíocht RK – is cúis, i measc cúiseanna féideartha eile, le hísliú na gcostas táirgthe, agus ba cheart an scrúdú sin a dhéanamh trí athoscailt an imscrúdaithe agus lánurraim á tabhairt do chearta cosanta AETMD mar a rinne cúirteanna an Aontais dá réir. Os a choinne sin, torthaí nár chuir na hiarratasóirí ina gcoinne nó ar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dóibh nó nár imscrúdaigh an Chúirt Ghinearálta ("torthaí deimhnithe nó tionscnaimh"), is torthaí iad atá fós bailí. Déantar cur síos agus measúnú ar na torthaí sin i Rialachán 2014. I ndáil leis na torthaí sin gan cheistiú, nó na torthaí deimhnithe sin, déanann an Coimisiún tagairt do théacs Rialachán 2014 ([13]), faoi mar a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([14]).

(17) Chun breithiúnais na Cúirte a chur chun feidhme, d'fhoilsigh an Coimisiún fógra ([15]) lenar osclaíodh an t-imscrúdú frithdhumpála a bhain le hallmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne, ar glacadh Rialachán 2014 mar thoradh air, a mhéid a bhain sé le RK.

(18) Cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas faoi athoscailt an imscrúdaithe frithdhumpála le Fógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(19) Chuir an Coimisiún RK, ionadaithe na tíre is onnmhaireoir agus AETMD ar an eolas go hoifigiúil faoi athoscailt an imscrúdaithe go páirteach.

(20) Tugadh an deis do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a iarraidh laistigh den teorainn ama a leagtar amach san fhógra.

2.1. **Céimeanna nós imeachta chun breithiúnais na Cúirte a chur chun feidhme**

(21) Tar éis na hathoscailte, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig RK agus a chuideachtaí gaolmhara i dtaca le costais táirgthe an táirge atá faoi athbhreithniú, lena n-áirítear gnéithe idirchuideachtaí na gcostas.

(22) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó RK, Agripure Holdings Public Co. Ltd., AgriFresh agus ó Sweet Corn Products Co. Ltd.

([10]) Breithiúnas na Cúirte an 12 Samhain 1998, *Ríocht na Spáinne v an Coimisiún*, C-415/96, ECLI:EU:C:1998:533, mír 31; Breithiúnas na Cúirte an 3 Deireadh Fómhair 2000, *Industrie des Poudres Spheriques v an Chomhairle*, C-458/98 P, ECLI:EU:C:2000:531, míreanna 80 go 85; Breithiúnas na Cúirte Céadchéime an 9 Iúil 2008, *Alitalia v an Coimisiún*, T-301/01, ECLI:EU:T:2008:262, míreanna 99 agus 142; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Bealtaine 2011, *Réigiún Nord-Pas-de-Calais agus Communauté d'agglomération du Douaisis v an Coimisiún*, Cásanna uamtha T-267/08 agus T-279/08, ECLI:EU:T:2011:209, mír 83.

([11]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 14 Meitheamh 2016, *an Coimisiún v McBride*, C-361/14 P, ECLI:EU:C:2016:434, mír 56; féach chomh maith, i réimse na dumpála, breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 3 Deireadh Fómhair 2000, *Industrie des poudres sphériques v an Chomhairle*, C-458/98 P, ECLI:EU:C:2000:531, mír 84.

([12]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais, mír 37, Breithiúnas na Cúirte Ginearálta, mír 72.

([13]) Féach, *mutatis mutandis*, Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 20 Meán Fómhair 2019, *Jinan Meide Casting Co. Ltd v an Coimisiún*, T-650/17, ECLI:EU:T:2019:644, míreanna 333–342.

([14]) Féach fonóta 4.

([15]) IO C 291, 29.8.2019, lch. 3.

(23) Thug an Coimisiún cuairt fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar áitreabh na gceithre chuideachta sa Téalainn chun an fhaisnéis a tugadh sna ceistneoirí a fhíorú.

— River Kwai International Food Industry Co., Ltd, Kanchanaburi, an Téalainn;

— AgriFresh Co. Ltd., Kanchanaburi, an Téalainn ("AgriFresh");

— Agripure Holdings Public Co. Ltd., Bangkok, an Téalainn ("Agripure");

— Sweet Corn Products Co. Ltd., Kanchanaburi, an Téalainn ("SCP").

2.2. **An tréimhse imscrúdaithe**

(24) Is imscrúdú é seo a lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Iúil 2011 go dtí an 31 Nollaig 2012 ("tréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe" nó "TIA").

2.3. **Iniúchadh ar leithdháileadh na gcostas idir River Kwai International Food Industry Co., Ltd agus chuideachtaí gaolmhara**

(25) Leis na breithiúnais ón gCúirt ceanglaíodh ar an gCoimisiún ath-imscrúdú a dhéanamh ar leithdháileadh na gcostas idir RK agus a fhochuideachta, AgriFresh. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an gcéad dul síos ar struchtúr an ghrúpa chun a chinntiú gur cuireadh na costais ábhartha uile san áireamh, costais a d'fhéadfadh a bheith muirearaithe, leithdháilte nó cionroinnte idir grúpchuideachtaí agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chostais táirgthe River Kwai International Food Industry Co., Ltd agus/nó AgriFresh.

(26) I ndáil leis sin, d'aithin an Coimisiún dhá ghrúpchuideachta bhreise, Agripure Holdings Public Co. Ltd (máthairchuideachta RK – "Agripure") agus Sweet Corn Products Co. Ltd. (fochuideachta RK – "SCP", atá lonnaithe in Kanchanaburi chomh maith) ar gá imscrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar a gcuid costas.

(27) Sa bhreis ar na heilimintí a bhfuil tuairisc orthu in aithrisí (28) go (50), chomh maith leis sin rinne an Coimisiún na líomhaintí seo a leanas a bhreithniú le linn an mheasúnaithe, líomhaintí a rinne AETMD i gcomhthéacs na himeachta athoscailte seo:

(i) cúbláil praghsanna ar amhábhar a cheannaíonn RK agus AgriFresh ó sholáthróirí coiteanna, rud a d'fhágfadh go n-íocfadh RK praghas níos ísle ná praghas an mhargaidh chun a chostais táirgthe agus a ghnáthluach a ísliú go saorga, agus go n-íocfadh AgriFresh praghas níos airde ná praghas an mhargaidh leis an soláthróir céanna; agus

(ii) d'fhéadfadh sé nach iad praghsanna an mhargaidh a bhí ar an miondias arbhair a cheannaigh RK ó AgriFresh toisc go bhféadfadh socrú cúitimh a bheith ann idir na cuideachtaí.

(28) Dar leis an gCoimisiún gurb iad cannaí, claibíní agus arbhar glas na hamhábhair is coitianta atá ag RK. Ós rud é nach n-úsáidtear cannaí agus claibíní le haghaidh na dtáirgí úra a dhíolann AgriFresh, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar chuntais soláthróirí arbhair ghlais RK. Chinn an Coimisiún go raibh go leor soláthróirí éagsúla ar RK a raibh meánphraghasanna inchomparáide acu agus nár dhíol AgriFresh aon arbhar glas le RK le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe.

(29) Thairis sin, chinn an Coimisiún nach ndearnadh an costas maidir leis an miondias arbhair a cheannaigh RK ó AgriFresh a mhuirearú ar chostas táirge RK i ndáil leis an táirge atá faoi athbhreithniú ([16]) toisc nach amhábhar don táirge atá faoi athbhreithniú é miondias arbhair.

([16]) An 'táirge faoi athbhreithniú' is é an táirge céanna é agus a bhí faoin imscrúdú bunaidh agus faoin imscrúdú a raibh Rialachán 2014 mar thoradh air, is é sin arbhar milis (Zea mays var. saccharata) in eithní, é ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, gan a bheith reoite, a thagann faoi chód AC ex 2001 90 30 (cód TARIC 2001 90 30 10) faoi láthair, agus arbhar milis (Zea mays var. saccharata) in eithní, é ullmhaithe nó leasaithe ar aon bhealach seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, gan a bheith reoite, nach aon cheann de na táirgí faoi cheannteideal 2006, a thagann faoi chód AC ex 2005 80 00 (cód TARIC 2005 80 00 10) faoi láthair, de thionscnamh Ríocht na Téalainne.

2.3.1. *Agripure Holdings Public Co. Ltd ("Agripure")*

Táille bhainistíochta

(30) Rinne Agripure táille bhainistíochta shubstaintiúil a mhuirearú ar RK le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe. Ní dhearnadh an táille sin a mhuirearú ar chuideachtaí eile sa ghrúpa. Rinneadh athbhreithniú ar leibhéal na táille go tréimhsiúil chun costais iomláin Agripure a chumhdach chun brabús a dhéanamh. Ar na seirbhísí a chuireann Agripure ar fáil go conarthach, tá comhairle bainistíochta, seirbhísí straitéisí, eagrúcháin, rialú inmheánach agus seirbhísí airgeadais. Cuireadh an Coimisiún ar an eolas gur cumhdaíodh an mhargaíocht sa táille sin, rud a rinne fostaithe Agripure beagnach go heisiach ar leas RK.

(31) Mar sin féin, chuir ranna áirithe in Agripure cineálacha seirbhísí ar fáil, a bhféadfadh grúpchuideachtaí eile tairbhe a bhaint astu, mar atá AgriFresh agus SCP. Ar an ábhar sin, chinn an Coimisiún nár thug RK maolaisnéis ina chuid cuntas maidir leis an táille bainistíochta a d'íoc RK le Agripure le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe.

Iasacht inghrúpa ó Agripure go RK

(32) Ba ann d'iasacht ghearrthéarmach a thug Agripure go RK ar ráta úis idir 4 % agus 6 % in aghaidh na bliana, a d'íoc RK ar ais laistigh de thimpeall 40 lá. Measadh go raibh an ráta ar neamhthuilleamaí ó b'inchomparáide é leis an ráta úis ar iasachtaí gearrthéarmacha ó institiúid airgeadais eile ó institiúidí airgeadais nach bhfuil bainteach (ar ráta úis é idir 4 % agus 6 % in aghaidh na bliana freisin). Ó tharla gur iasacht an-ghearrthéarmach atá ann, níorbh ábhartha an speansas úis iarbhír a thabhaigh RK le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe.

2.3.2. *Sweet Corn Products Co. Ltd., Kanchanaburi, an Téalainn*

(33) Tá gníomhaíochtaí oibriúcháin SCP lonnaithe ar aon suíomh amháin le RK, cé go bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe cúpla ciliméadar ar shiúl.

(34) Is éard a suíodh gur dhíol SCP síolta arbhair mhilis le RK ar phraghsanna an mhargaidh agus nár leithdháil RK an costas ceannaigh ar an táirge faoi athbhreithniú, toisc nach amhábhar iad síolta arbhair mhilis a úsáideann RK chun an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(35) Ghlac SCP ar cíos gabháltas beag talún ar shuíomh RK le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe. Ó tharla nach dímheasta do luach na talún, níor áiríodh aon chostas don ghabháltas talún sin i speansais RK, agus níor leithdháileadh ioncam cíosa RK ar an táirge faoi athbhreithniú. Ar an ábhar sin, ní raibh aon tionchar ag an ioncam cíosa ar chostais RK.

2.3.3. *Costais roinnte idir RK agus AgriFresh*

(36) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na costais a d'íoc RK nó AgriFresh agus a bhí athmhuirearaithe, ath-chionroinnte nó ath-leithdháilte ar an gcuideachta eile.

Costais leictreachais

(37) D'íoc RK as costais leictreachais áirithe ar dtús agus ansin rinneadh iad a mhuirearú ar AgriFresh. Thug an Coimisiún faoi deara gurbh inchomparáide na méideanna athmhuirearaithe ach go raibh na méideanna sin beagán níos airde ná dá leithdháiltí na costais bunaithe ar gach láimhdeachas faoi seach. Mar sin féin, bhí sin ag teacht leis an míniú a fuarthas, is é sin gur riachtanach costais fuarúcháin agus cuisniúcháin níos airde a bheith ag gnólacht táirgí úra AgriFresh. Leithdháileadh costais leictreachais RK ar an táirge faoi athbhreithniú, áit nár leithdháileadh an t-ioncam a fuarthas ó AgriFresh ar an táirge faoi athbhreithniú. Dá réir sin tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann do mhaolaisnéis maidir leis costais leictreachais RK a leithdháileadh ar an táirge faoi athbhreithniú.

Rialú cáilíochta agus páirteanna spártha

(38) Gearrann RK muirir ar AgriFresh le haghaidh Rialú cáilíochta, toisc nach bhfuil a roinn rialaithe cáilíochta féin ag AgriFresh, agus muirir le haghaidh páirteanna spártha le haghaidh cothabhála ó am go chéile. Cionroinneadh na costais a thabhaigh RK ar an táirge faoi athbhreithniú. Níor leithdháileadh an t-ioncam a fuarthas ó AgriFresh ar an táirge faoi athbhreithniú. Ar an ábhar sin, níorbh ann d'aon mhaolaisnéis maidir leis na costais sin le haghaidh RK maidir leis an táirge faoi athbhreithniú.

2.3.4. *Idirbhearta idir RK agus AgriFresh*

Talamh, foirgnimh agus innealra ar léas ag AgriFresh ó RK

(39) Sa chéad 6 mhí de thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe, ghlac AgriFresh gabháltas beag talún ar cíos ó RK, chomh maith le roinnt innealra agus trealaimh ar ghabháltas atá aice láimhe leis, atá suite ar shuíomh RK. Ag an am sin, ghabh AgriFresh an píosa talún atá in aice láimhe le tríú páirtí neamhghaolmhar ar cíos.

(40) Cionroinneadh na costais dhímheasta le haghaidh RK ar an táirge faoi athbhreithniú, agus rinneadh an t-ioncam cíosa ó AgriFresh a thaifeadadh in ioncam eile agus níor cionroinneadh é ar an táirge faoi athbhreithniú. Dá réir sin, níorbh ann d'aon mhaolaisnéis maidir le costais RK le haghaidh an táirge atá faoi athbhreithniú i ndáil leis an méid sin.

(41) Ó thús 2012, cheannaigh AgriFresh an t-innealra ó RK chun táirge úr a tháirgeadh ar ghlanluach de réir na leabhar, agus ghlac sé talamh agus cuid bheag d'fhoirgneamh ar cíos, ar aon suíomh le RK, ó pháirtí arbh inmheasta é a bheith gaolmhar. Ní raibh aon tionchar aige sin ar na costais RK a leithdháileadh ar an táirge faoi athbhreithniú.

(42) Ina theannta sin, ghlac AgriFresh píosa talún feirme ar cíos ó RK le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe. An cíos a d'íoc AgriFresh in aghaidh an mhéadair chearnaigh, is lú costas a bhí air ná an méid a d'íoc AgriFresh le tríú páirtí neamhghaolmhar. Mar sin féin, níor imríodh aon tionchar ar chostais RK toisc nár leithdháileadh an t-ioncam a fuair RK ar an táirge faoi athbhreithniú.

Iasacht a thug AgriFresh go RK

(43) Bhí iasacht ann a thug AgriFresh go RK ar feadh tréimhse an-ghearr (6 lá) le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe, iasacht ar ráta úis idir 4 % agus 6 %. Ós tréimhse an-ghearr a bhí i dtréimhse na hiasachta, níorbh ábhartha an t-ús a íocadh i ndearbhthéarmaí agus measadh go raibh an ráta úis ar neamhthuilleamaí toisc go raibh sé i gcomhréir leis na rátaí úis a d'íoc RK le hinstitiúidí airgeadais neamhghaolmhara.

Foireann riaracháin

(44) A mhéid a bhaineann le foireann riaracháin, rinneadh na costais a athmhuirearaithe ar AgriFresh a imscrúdú agus cinneadh iad a bheith i gcomhréir le láimhdeachas gach cuideachta faoi seach. Ina theannta sin, níor leithdháileadh an t-ioncam a fuair RK ó AgriFresh ar an táirge faoi athbhreithniú. Ar an ábhar sin, níor thug RK aon mhaolaisnéis maidir le costais i ndáil leis an méid sin.

Costais eile

(45) Maidir le cuntais chostais i gcomharduithe trialach an dá chuideachta, rinneadh iad a imscrúdú i ndáil le tréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe chun a chinneadh arbh ann d'aon ítim costais eile, a raibh cuma íseal orthu as an ngnáth i gcás RK nó AgriFresh, rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh gurb ann do ró-leithdháileadh nó fo-leithdháileadh na gcostas idir na cuideachtaí. An t-imscrúdú a rinneadh ar chostais eile, ní raibh aon ábhar imní ann.

(46) Rinne an Coimisiún athbhreithniú freisin ar na cuntais idirchuideachtaí idir grúpchuideachtaí ach níor shainaithin sé aon leithdháileadh costas míréasúnta.

2.4. **Conclúid maidir leithdháileadh na gcostas idir RK agus AgriFresh agus grúpchuideachtaí eile**

(47) I gcomhréir leis na breithiúnais ón gCúirt, rinne an Coimisiún athbhreithniú mionsonraithe ar leithdháileadh na gcostas idir RK agus a fhochuideachta AgriFresh. Thug an Coimisiún leithdháileadh na gcostas idir RK agus a mháthairchuideachta, Agripure agus a fhochuideachta, SCP, faoi scáth an imscrúdaithe.

(48) Maidir leis an táille bhainistíochta a rinne Agripure a mhuirearú ar RK, chinn an Coimisiún nár thug RK maolaisnéis maidir le costais ina leith le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe.

(49) Maidir leis na costais leictreachais, an rialú cáilíochta agus páirteanna spártha, níor tugadh maolaisnéis i dtaca leis na méideanna a muirearaíodh ar RK agus ar an táirge faoi athbhreithniú, agus maidir leis an ioncam a fuarthas ó AgriFresh, ní dhearnadh costas an táirge atá faoi athbhreithniú a laghdú leis.

(50) Maidir le talamh, foirgnimh agus innealra atá ar léas ag AgriFresh agus SCP ó RK, cionroinneadh na costais dhímheasta le haghaidh RK ar an táirge atá faoi athbhreithniú, agus níor fritháiríodh iad leis an ioncam a fuarthas ó AgriFresh agus SCP faoi seach. Dá réir sin, níorbh ann d'aon mhaolaisnéis maidir le costais an táirge atá faoi athbhreithniú.

(51) Na hiasachtaí ó Agripure agus AgriFresh go RK a raibh feidhm acu le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe, bhí siad ar ráta úis arbh inmheasta é a bheith ar neamhthuilleamaí agus é an-ghearrthéarmach, rud a d'fhág nach raibh na híocaíochtaí úis ábhartha i gcostais iomlána RK.

(52) Thairis sin, chinn an Coimisiún gur réasúnta an rud do RK na costais riaracháin a athmhuirearú ar AgriFresh, agus san athbhreithniú ar chuntais chostais agus ar chuntais idir-chuideachtaí níor cuireadh aon ábhar imní in iúl maidir leis leithdháileadh costas míchuí.

(53) Anuas air sin, chinn an Coimisiún nárbh ann d'aon fhianaise ar chúbláil praghais ar amhábhar a cheannaigh RK agus AgriFresh ó sholáthróirí coiteanna, agus chinn sé nach ndearnadh an costas maidir leis an miondias arbhair a cheannaigh RK ó AgriFresh, agus síolta arbhair mhilis a cheannaigh RK ó SCP, a mhuirearú ar an táirge faoi athbhreithniú agus nach raibh aon tionchar aige sin ar an gcostas an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(54) Dá bhrí sin níor shainaithin an Coimisiún aon ró-leithdháileadh ar na costais ná ró-chionroinnt ar na costais ó RK go AgriFresh ná go na grúpchuideachtaí eile a breithníodh le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe.

(55) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bharr, gur bailí fós, faoi mar a mhínítear in aithris (16), na torthaí a bhaineann le costais táirgthe a úsáidtear chun gnáthluach a bhunú agus an corrlach dumpála a ríomh san imscrúdú ar an athbhreithniú eatramhach, faoi mar a thuairiscítear i Rialachán 2014. Thairis sin, deimhníodh leis an imscrúdú dar thoradh Rialachán 2014, nach ndearna RK táirgí áirithe eile a tháirgeadh ná a dhíol nár tháirg RK táirgí áirithe eile a thuilleadh, i gcomparáid leis an gcéad tréimhse imscrúdaithe, de bharr athstruchtúrú corparáideach. Dheimhnigh an Coimisiún san imscrúdú athoscailte sin go raibh tionchar ag an athrú sin ar chostais RK an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh, rud a raibh corrlach dumpála níos ísle ann dá bharr. Dá bhrí sin, is bailí fós, faoi mar a mhínítear in aithris (16), na torthaí i Rialachán 2014 a bhaineann leis an tseasmhacht is dual don athrú ar na himthosca.

(56) Tugtar faoi deara gurb ionann, de bhun Airteagal 11(9) den bhun-Rialachán, an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm in athbhreithniú éaga 2019 agus an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm i Rialachán 2014 maidir le RK. Ós rud é gur deimhníodh leis an athoscailt torthaí Rialachán 2014, níl aon tionchar aige sin ar na torthaí a bhí ar athbhreithniú éaga 2019, go háirithe an corrlach dumpála a luaitear in aithris (63) den Rialachán maidir le hathbhreithniú éaga 2019.

2.5. **Conclúid**

(57) Ar bhonn na dtorthaí thuasluaite, an meánchorrlach dumpála ualaithe arna shloinneadh ina chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha, sin 3,6 % arna bhunú le haghaidh RK i Rialachán 2014, ba cheart é a ath-fhorchur.

3. **NOCHTADH**

(58) An 1 Nollaig 2020 chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas maidir leis na torthaí thuas, ar an mbonn sin ba rún dó a mholadh go bhforchuirfí an dleacht frithdhumpála ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne, a mbeadh feidhm aici maidir le RK ar ráta 3,6 %. Chuir sé na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar fáil do na páirtithe leasmhara freisin, fíorais agus breithnithe ar a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún leasú ar Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 875/2013 agus (AE) 2019/1996 a bhunú. Tugadh tréimhse 10 lá dóibh freisin lena bhféadfaidís barúil a chur isteach tar éis an nochta sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

4. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(59) Ar bhonn an mheasúnaithe sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí leasú a dhéanamh ar an dleacht frithdhumpála ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne, is infheidhme maidir le RK. Is infheidhme do leibhéal athbhreithnithe na ndleachtanna gan aon bhriseadh ama ó tháinig Rialachán 2014 i bhfeidhm (is é sin ón 28 Márta 2014 ar aghaidh). Tugtar treoir d'údaráis

chustaim an méid iomchuí a bhailiú maidir le hallmhairí a bhaineann le RK agus aon mhéid iomarcach a bailíodh go dtí seo a aisíoc i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

5. **RÉ NA mBEART**

(60) Ní dhéanann an nós imeachta sin difear do dháta éaga na mbearta a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996, de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(61) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear leis seo dleacht ar allmhairí arbhair mhilis (Zea mays var. saccharata) in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, gan a bheith reoite, a thagann faoi chód AC ex 2001 90 30 (cód TARIC 2001 90 30 10) faoi láthair, agus arbhar milis (Zea mays var. saccharata) in eithní, é ullmhaithe nó leasaithe ar aon bhealach seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, gan a bheith reoite, nach aon cheann de na táirgí faoi cheannteideal 2006, a thagann faoi chód AC ex 2005 80 00 (cód TARIC 2005 80 00 10) faoi láthair, de thionscnamh Ríocht na Téalainne agus arna dtáirgeadh ag River Kwai International Food Industry Co., Ltd, Kanchanaburi, an Téalainn, an 28 Márta 2014.

2. Is é 3,6 % (cód breise TARIC A791) a bheidh i ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme ar ghlanphraghas teorann an Aontais roimh dhleacht, ar an táirge a thuairiscítear i mír 1 agus arna tháirgeadh ag River Kwai International Food Industry Co., Ltd. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm i leith dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Aon dleacht frithdhumpála chinntitheach a d'íoc River Kwai International Food Industry Co., Ltd de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 875/2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí arbhair mhilis in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 nó de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Ríocht na Téalainne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036, ar íocaíocht í de bhreis ar an dleacht frith-dhumpála chinntitheach arna chur ar bun in Airteagal 1, déanfar an íocaíocht sin a aisíoc nó a loghadh.

Ba cheart an aisíocaíocht nó an loghadh a iarraidh ó na húdaráis náisiúnta custaim i gcomhréir le reachtaíocht chustaim an Aontais is infheidhme.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN